


Comhdháil Oileáin na hÉireann

Cuireann Majella Ní Chríocháin Bainisteoir le Comhdháil Oileáin na hÉireann síos ar chúlra agus ar chlár oibre na heagraíochta sin.



I 1976, nuair a bhí an saol ar na hoileáin i bhfad níos chrua ná mar atá anois, bhunaigh Cóilí Ó hIarnáin as Árann, Tarlach de Blácam as Inis Meáin agus Feargal Mac Amhlaoibh a bhí ina bhainisteoir ar Chomharchumann Inis Oírr ag an am Comhdháil na nOileán. An phríomhaidhm a bhí acu ná seirbhísí farantóireachta níos fearr a fháil do na hoileáin. Cuimhníonn Feargal Mac Amhlaoibh gur beag dul chun cinn a rinne siad an t-am sin, áfach, mar nach raibh aon tacaíocht stáit acu agus bhí orthu a bheith ag plé le gníomhaireachtaí éagsúla chun réiteach a fháil ar na fadhbanna rochtana - le CIÉ don bhád farantóireachta agus le hOifig na nOibreacha Poiblí don ché.

Ba é an t-aighneas i 1984 faoi chás mhuintir Thoraí ag aistriú chuig an mórthír a spreag Cóilí, Feargal, Chris O'Grady ó Chliara agus an tAth. Ó Péicín a bhí i dToraigh ag an am, chun a theacht le chéile agus plé a dhéanamh faoi bhunú eagraíochta ar a mbeadh ionadaíocht as na hoileáin áirithe ar fad atá amach ó chósta na hÉireann. Fuair siad cabhair ina gcuid oibre ó Aisling Nic an tSithigh a bhí fostaithe mar Phreasoifigeach leis an GFT (IDA) i mBaile Átha Cliath ag an am. Thug siad cuairt ar na hoileáin, ag spreagadh daoine chun eagraíocht ionadaíoch amháin a bhunú ar gach oileán agus as sin go n-ainmneofaí ionadaí ar chomhlacht uile-oileán.

Eagraíocht Náisiúnta

I Meán Fómhair 1984, ag comhdháil stairiúil a bhí ag na hoileánaigh i gCléire, Co. Chorcaigh, bunaíodh Comhdháil na nOileán mar eagraíocht náisiúnta. Bhí ionadaithe i láthair ag an gcomhdháil as sé cinn déag de na hoileáin áirithe: Reachlainn, Toraigh, Inis Bó Finne (Dún na nGall), Árann Mhór, Inis Bigil, Cliara, Inis Toirc, Inis Bó Finne, Árann, Inis Meáin, Inis Oírr, Oileán Baoi, An tOileán Mór, Faoide, Inis Arcáin agus Cléire.

B'iad na cuspóirí ginearálta a bhí ag an gComhdháil ná fóram a chur ar fáil d'ionadaithe as comharchumainn na n-oileán nó óna cumainn fhorbartha mar aon



Feargal Mac Amhlaoibh agus Cóilí Ó hIarnáin ar Chliara

le forbairt shocheacnamaíoch a bhaint amach ar na hoileáin.

Gan Seirbhísí Bunúsacha

Bhain formhór d'obair na Comhdhála sna 1980adaí le hardú feasachta a chothú sna meáin, i measc na bpolaiteoirí agus sa phobal i gcoitinne maidir leis an easnamh ainsealach de sheirbhísí bunúsacha a bhí ar na hoileánaigh - rochtain shábháilte, inacmhainne agus iontaofa chuig agus amach ón mórthír, céanna sábháilte, fíoruisce glan, leictreachas, seirbhísí postais agus fóin. Fuair fear óg amháin ar Inis Toirc litir ag tairiscint job dó - ach bhí sé bliain rómhall. Tharla sin ag am a raibh an difhostaíocht go dona agus na deiceanna de mhílte daoine ag imeacht as an tír ar thóir oibre. I 1988, phléasc an píopa uisce a bhí ag tabhairt fíoruisce trasna an tsunda go hInis Bigil. B'éigean fíoruisce a iompar isteach i gcurach go ceann sé mhí ina dhiaidh sin agus níor réitíodh an fhadhb nó gur éirigh leis an gComhdháil ceist a ardú faoi sa Dáil. Bhí cruinniú amháin le

státsheirbhísigh ag ar dearnadh plé faoi ghnó nua a bhunú ar oileán. Cúis magaidh a bhí ann do na hoileánaigh go raibh na státsheirbhísigh ag éileamh go gcaithfí páirc do bhusanna a thógáil in aice láimhe mar bhunchoinníoll den mhaoiniú!

Cairde na nOileánach

Ach bhí daoine ann a thug tacaíocht don Chomhdháil chomh maith i dtús ama: tá cuimhne ag Chris O'Grady ar an bhfear uasal sin, Seán MacBride, ag tabhairt tacaíochta d'iaratas go gcuirfí leictreachas ar fáil d'oileáin nach raibh sa Ghaeltacht. (Bhí an leictreachas ar oileáin na Gaeltachta faoin am sin). Tá cuimhne ag Feargal Mac Amhlaoibh ar FPE (MEP) as Albain, Winne Ewing, a thug eolas luachmhar faoin dtacaíocht a bhí le fáil ón Eoraip. Cuimhníonn sé freisin go raibh an-chabhair le fáil ó Tom O'Donnell a bhí ina FPE faoin am sin. Le linn cruinnithe a bhí ag Cathal Ó hEochaidh leis an gComhdháil sa Dáil i 1985 agus é ina cheannaire ar Fhianna Fáil, thug sé isteach a

chomhaireacht chúil ar fad ag an gcruinniú. De réir mar a bhí cúinsí éagsúla á n-ardú ag na hoileánaigh, dhírigh sé ar an aire cúil cuí a rá "That's your area of responsibility." Agus é ina Thaoiseach i 1987, bhunaigh Cathal Coiste Aireachta na nOileán ar a raibh Pádraig Flynn, Pat an Cope Ó Gallchóir, Máire Geoghegan Quinn agus Donncha Ó Gallchóir arbh as Acaill dó. Cé go bhfuil daoine ann a déarfadh gur beag a bhain an coiste sin amach, thug tacaíocht na n-airí rialtais breis cumhachta don Chomhdháil chun na státsheirbhísigh a ghríosadh i mbun gnímh.

Foghlaim ó Mhúlna na Danmhairge

Sa bhliain 1990, thug Éamon Ó Neachtain, a bhí in a bhainisteoir comharchumainn ar Thoraigh ag an am, Sean Ó Drisceoil as Cléire, an laoch mór Pól Ó Foighil agus Paddy Henry as Inis Bigil cuairt ar an Danmhairg agus fuair siad eolas faoin mbealach ar éirigh le hoileáin na Danmhairge nithe a bhaint amach, ar nós a chinntiú go gcaithfí seiceáil a dhéanamh ar



Bád farantóireachta ó Chliara (Maigh Eo) le hoileánaigh as Árainn, Cléire (Corcaigh), Inis Arcáin (Corcaigh), Reachlainn (Aontroim) agus Inis Bó Fine (Gaillimh).

gach reachtaíocht agus polasaí nua de chuid an rialtais féachaint cén tionchar a bheadh acu ar na hoileánaigh. Thosaigh an Chomhdháil á heagrú féin ar mhúnla na Danmhairge agus aontaíodh bunreacht nua.

Faoi 1996, bhí aitheantas bainte amach ag an gComhdháil mar chuideachta LEADER do na hoileáin. Bhí talamh slán bainte amach faoi dheireadh. Bhí oifig ag an gComhdháil anois mar aon le hoibrithe ar phá agus airgead le dáileadh ar fhorbairt áitiúil. Faoi am ar tháinig Éamonn Ó Cuív in oifig mar Aire Stáit a raibh cúram na n-oileán air i 1997, bhí cuid mhaith den bhunbair déanta. D'aontódh formhór na n-oileánach, áfach, gur tháinig feabhas iontach ar chúrsaí le linn tréimhse an Aire Uí Chuív in oifig, ní amháin sna seirbhísí farantóireachta agus infrastuchtúir ach i gcúrsaí sláinte agus i seirbhísí poiblí eile chomh maith. De thoradh na ndéontas fiontraíochta atá faighte ó 2005 i leith, tá na hoileáin lasmuigh den Ghaeltacht ar

chomhcheim tacaíochta agus seirbhíse, geall leis, le hoileáin na Gaeltachta. Ó bunaíodh Rannóg na nOileán sa Roinn i 2002, tá saineolas agus tiomantas na státsheirbhíseach sinsearach ag oibriú i bpáirt linn freisin.

Na hOileánaigh sa 21ú Aois

I láthair na huairé tá 33 ball-oileán ag an gComhdháil, agus an daonra ar na hoileáin sin ag réimsiú ó dhuine amháin go dtí faoi 800. Tá beagnach 3,000 duine san iomlán ina gcónaí ar na hoileáin, titim shuntasach ón 4,320 nó mar sin a bhí ann sa bhliain 1971. Ach breathnaíonn sé nach bhfuil an daonra ag titim chomh sciobtha is a bhí nó nach bhfuil sé níos measa ná mar atá i gceantair eile iargúlta. Anois go bhfuil infrastuchtúir rochtana níos fearr ar na hoileáin agus seirbhísí taistil rialta ann d'oileánaigh, tá an Chomhdháil ag tabhairt faoi seirbhísí sláinte, oideachais srl. a fheabhsú. Seoladh beart polasaithe ag Cruinniú Cinn Bliana na Comhdhála in

Inis Meáin Mí Aibreán agus beifear ag plé na moltaí atá ann maidir le Talmhaíocht, Cúrsaí Mara, Tithíocht, Seirbhísí Eigeandála srl. leis na polaiteoirí agus iad ag cuardú vótaí don olltoghchán.

Caithfear deiseanna nua fostaíochta agus fiontair a chruthú d'oileánaigh freisin agus is ar mhaithe leis sin gur ghlac muid páirt i stiúradh feachtas nua maragaíochta do na hoileáin anuraidh, 'Oileáin na hÉireann.' Páirtneireacht a bhí ansin idir an Chomhdháil, Fáilte Ireland agus Gaelsaioire agus tá an feachtas maoinithe ag Fáilte Ireland agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tá bróisiúr álainn ildaithe agus suíomh idirlín tiomnaithe (www.irelandislands.ie) mar chuid den fheachtas, chomh maith le turasanna d'iriseoirí ón iasacht chuig na hoileáin le go mbeifí in ann an scéal a scaipeadh san Eoraip agus i Meiriceá. Is cuid thábhachtach d'eacnamaíocht na n-oileán í an turasóireacht ach má táthar

chun postanna agus deiseanna tarraingteacha a chruthú d'oileánaigh óga, do mhná agus do chéimithe, ní mhór tacú le fiontraithe na n-oileán agus iarracht a dhéanamh eagrais stáit agus institiúidí tríú leibhéal a mhealladh le hionaid a lonnú ar na hoileáin nó le hobair riaracháin agus taighde a fhoinsiú ar na hoileáin. Tá tús curtha ag an gComhdháil leis an obair seo agus d'eagraigh muid cúrsaí d'fhiontraithe na n-oileán agus comhdháil faoi fhorbairt thairgí nua turasóireachta i gcomhar leis an GMIT níos túisce sa bhliain.

Faoi gClár Náisiúnta Forbartha Tuaithe (CNFT), an Scéim Sóisialta Tuaithe agus an Clár um Chuimsiú Sóisialta na Forbartha Áitiúil, a bhfuil súil againn iad a chur i bhfeidhm do na hoileáin, beifear in ann díriú go háitiúil ar thograí a bhaineann le Sláinte, Fiontar agus Fostaíocht, Cúram Leanaí, Oideachas agus Tithíocht ach go háirithe. Tá an Chomhdháil mar chuid de Ghréasán Oileáin Bheaga na hEorpa (ESIN) freisin agus ag cruinniú a bheidh sa Bhruiséil i Meitheamh, déanfaidh ESIN stocaireacht ar pholaiteoirí agus ar lucht déanta beartas faoi chúinsí a bhfuil baint acu i gcoiteann le hoileáin bheaga na hEorpa, go háirithe i reims na feirmeoireachta, na hiascaireachta agus iompair. Ar an dóigh sin, beidh na trí shraith d'obair na Comhdhála - forbairt ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus Eorpach - ag leanúint dá dtacaíocht dá chéile agus iad ag soláthar buntáistí praiticiúla do mhuintir na n-oileán.

Tá cuid mhór bainte amach ag an gComhdháil ó na 1970adaí. Baineadh amach a lán de bharr fuinneamh, neart, tiomantas agus fíis na n-oileánach agus a gcairde. Ní ceart críoch a chur leis seo gan Cóilí Ó hIarnáin as Árainn a lua arís, an fear ar dhúirt Chris O'Grady faoi gur duine uasal den scoth a bhí ann agus fear a raibh ardmheas air go dtí leibhéal an rialtais féin. Trodaí a bhí ann i gcónaí agus cé go raibh sé ina ionadaí dá oileán dúchais féin, mheas sé i gcónaí gur cheart cothrom na féinne a bheith ag gach oileánach. Lá brónach, a dúirt O'Grady, a bhí sa lá ar cuireadh i gcré é ar Inis Mór. Murach an obair a rinne Cóilí agus daoine nach é le deich mbliana fíchead anuas, níl aon dabht ach go mbeadh cuid mhaith oileán eile tréigthe faoi am seo ar nós na Blascaoid.

Siopa an Phobail

Coill Rua
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020
Facs 091 593338

SuperValu Indreabhán

Super Valu
Siopadóireacht mar is cóir

Páraic Ó Conaola

Conraitheoirí Tógála & Leictreachais

Tionscail - Baile - Gnó

Sreangadh & Athshreangadh
Córais Alárm Tine Córais Cáblaí
Soláthraí Oifigiúil Dexpan

Gairfean, Rosmuc, Co na Gaillimhe

Teil: 091-574142 Fón Póca: 087 2481233

Fax: 091-574104